Ag so chugad, a Chormuic

[McKenna, L.: *The Book of O'Hara*, Dublin, 1951, poem 14]

1 Ag so chugad, a Chormuic,
drud le fasgadh fochanbhruit;
roimhe ad cheann do-chuaidh meise,
bhudh fearr an uair eileisi

2 Ag so mhé dhuit, a dhreach ghlan,
gabh rinn a-rís mar ollamh
lámh a láimh is cneas re cneas;
gan teas ní cóir an cairdeas.

3 Córuide réidhioghadh rind
- ní hé a-bháin, a bhas tséghoinn -
neach nach ordhruic gan ollamh,
a Chormuic, do-chualamar.

4 Gidh maith damhsa, a dhreach mhálla,
do bhronnta is barr th'anára,
feirde thú ollamh agoibh,
a chnú ollamh fhíorabuigh.

5 A ghnúis ríomhálla, a rosg mall,
cubhoigh ribhsi é dh'fhulang
dá mbeath ainmhéin at ollamh,
a dhreach glainréidh, gan athollamh.

6 Rí Midhe agus Mac Coise
- sgél foirfe go bhfiadhnoisi -
tiad, a Chormoic, ó chéile,
dob ordhruic a n-aimhréighe.

7 Dob é a-rís críoch a gcogoidh
a ndíoghrais go ndeachodair
Maoil Eachloind ios a ollamh;
ní leathroind ar labhromar.

8 Do bhí Fíthiol fada a bhfeirg
le Cormac mac Airt airmdheirg;
do-ní a mheanma do mheasgadh
rí Teamhra do thréigeasdar.

9 Ar an ollamh as sé a bhrígh,
do-chuaidh iarruidh ón airdrígh;
síodh cheandoigh ór mhaith meanma
do cheannoigh flaith finnTeamhra.

10 Giolla Brighde ó Bhaile Í Néill
fa fheirg go Cruachoin gclaidhréigh
gor bronnadh réir tar riaghoil
d’ollamh í Néill Naoighialloigh.

11 Murchadh mac Briain eacht oile
’s Mac Liag lán do chorroighe
tugsad annsacht darr-oile
gan fhallsacht ’n-a n-ionmhoine.

12 Ní bhiam réidh red rosg rionnghlan
a gcaidreamh ná a gceiliobhradh
go bhfaghthar, a chleath Choradh,
breath Chathfaidh ó Chonchobhar.

13 Mar dho-rinne gach rí dhíobh
ó a-tá tú ar airrcchibh innríogh,
tú dhúinn bhus cuisle chroidhe
cuirsi ar gcúl ar gcorroighe.

14 Sé ar ghníomh do chor ’n-a chomhaidh
gach rí dhíobh dhá ndubhromar
dar leat do fhaomh Ó hEadhra;
nír ghlac acht taom tighearna.

15 Ríoghradh Éireann leath ar leath
ler gceirdni ag iomchor ainbhreath;
gár chóra dháibh iná doit,
fam rádha as cóir, a Chormoic.

16 Gabh meisi, a Mhuire, ar hionchuibh,
a ghnúis dhiagha deighiomchuir,
a chroidhe ar nach feas formod,
a chneas lile leabharlag.